

An dátheangachas agus deacrachtaí teanga agus urlabhraíochta


Darína Ní Shíthigh

Teiripeóir Urlabhra & Teanga

Ospidéal Pobal Ciarraí Thiar


Daingean Uí Chúis

3ú Márta 2017




Cad is teiripe urlabhra agus teanga?

- Is an ról atá ag an teiripeóir urlabhra agus teanga (SLT) ná measúnú a dhéanamh agus cabhair a thabhairt dul i ngleic le fadhbanna cainte, teanga agus deacrachtaí cumarsáide atá ag daoine d'aoiseanna difriúla ionas gur feidir leo iad féin a chur in iúl chomh maith agus is féidir leo.
- Tá cuplá teiripeóir a chuireann teiripe ar fáil i nGaeilge ach ní mór atá ann
- Oibríonn an teiripeóir urlabhra agus teanga le leanaí le moilleacht forbartha ginearálta, deacrachtaí foghlama, fadhbanna cumarsáide, míchumais fisicúil, fadhbanna éisteachta agus rí



Cúlra den gcóras oideachais im cheantar

- Naíolainn agus naíonraí trí Ghaeilge.
 - Gaeilge mar phríomh theanga ar fomhór na mbunscoileanna.
 - Gaeilge mar phríomh theanga i 2/3 mhéan scoil.
 - Ionad Teanga (Language Unit).
- 

Conas a fhorbraíonn an dátheangachas?

- ▶ Sealbhú Comhuaineach Teanga (Simultaneous Bilingualism):


Foghlaiméoirí dátheangach a shealbhaíonn dhá theanga ag an am ceanna ó naíonacht. Go ginearálta bíonn an leibhéal ceanna ábaltacht ag na leanaí sa dá theanga.

- ▶ Sealbhú Seicheamhach Teanga (Sequential bilingualism):

Foghlaiméoirí dátheangach a fhoghlaimíonn a gcéad teanga ó naíonacht agus a fhoghlaimíonn an dara teanga níos deanaí sa tsaol (Kayser, 2002). Go ginearálta foghlaimíonn leanaí sa ghrúpa seo an dara theanga ó trí bhliain d'aois ar aghaidh. Ag an aois seo bíonn go leor foghlamtha ag an leanbh sa chéad teanga agus bíonn eagsúlacht sa chaighdeán agus i méid an dá theanga a bhíonn foghlamtha.

(Kohnert, 2002)

“Children make significant advances in Irish language development during their time in the naíonraí “(Hickey, 1997)



Fachtóirí a bhaineann le hinniúlacht dátheangach

- ▶ An méid taithí a fhaightear sa dá theanga thar thréimhse ama (exposure)
- ▶ Tumoideachas luath sa Ghaeilge
- ▶ Tréithe cognaíochta (cognitive skills): Cumas foghlamtha an linbh. Beidh dul chun cinn níos tapúla ó thaobh forbairt teanga ag leanaí le scileanna cognaíochta láidre. Is féidir le leanaí le fadhbanna foghlamtha dhá theanga a fhoghlaim ach seans ná bainfidh siad amach an oilteacht ceanna sna teangacha.
- ▶ Fachtóirí síceolaíochta
- ▶ Spreagadh (Motivation): Má bhaineann an leanbh taitneamh as teanga a úsáid agus a fhoghlaim, éirídh níos fearr leo oilteacht a bhaint amach san teanga.
- ▶ Aois a thosnaíonn leanbh ag foghlaim teanga.

An dátheangachas agus moill teangan and urlabhraíochta

Tuairimí Tuismitheoirí

- ▶ Imní go cuireadh teiripe dátheangach isteach ar fhorbairt teanga go ginearalta mar ceapann daoine go hfoghlaimítear teangacha go neamhspleach. Níl aon fhírinne anseo de réir Kohnert et al, (2005).
- ▶ Bíonn imní orthu go dtosnóidh na leanaí ag meascadh Béarla/Gaeilge.
- ▶ Teastaíonn ó thuismitheoirí go mbeadh teanga amháin cruinn ag an leanbh seachas gan a bheith ábalta aon rud a rá i gceart.
- ▶ Ceapann tuismitheoirí nách bhfuil na scileanna acu cabhrú lena gcuid leanaí dhá theanga a fhoghlaim.
- ▶ Go minic ní chuimhníonn na tuismitheoirí go mbeidh na leanaí ag dul ar aghaidh ar scoil ag usáid Gaeilge go hiomlán agus go b'fhearr teiripe dátheangach a thosnú.
- ▶ Nuair a bhíonn ceangal láidir ag na tuismitheoirí leis an Ghaeilge uaireanta ní bhíonn fonn orthu aon Bhéarla a usáid mar pháirt don dteiripe ach nuair a bhíonn fadhb teanga bíonn fadhb le gach teanga agus ní mór teiripe a chur ar fail sa dá theanga más féidir.

An féidir le leanaí le deacrachtaí urlabhraíochta agus teanga dhá theanga a fhoghlaim?

- ▶ Is féidir
- ▶ Bíonn cosúlachtaí sna botúin morfa chomhréireacha (morphosyntactic) ag leanaí aonteangach le SLI agus leanaí dhá theangach le SLI (Paradis, et al 2003)
- ▶ Bíonn scileanna teanga sa L1 níos láidre ná L2 i leanaí dhá theangach le deacrachtaí teangan. Is fíor seo do chuid leanaí dhátheangach gan deacrachtaí teanga (Paradis et al, 2011)
- ▶ Méid cód malartú ceanna ag leanaí dhá theangach le deacrachtaí teanga agus leanaí dhá theangach gan deacrachtaí teanga (Gutierrez Clellen, Simo Cereijido, 2009).
- ▶ Leiríonn staidéar (Petersen et al 2011) go bhfuil leanaí le ASD atá dátheangach abálta feidhmiú chomh maith ceanna le leanaí le ASD atá aonteangach ó thaobh stór focal agus stór focal glacadh (receptive vocabulary) agus ná bhfuil eifeacht diúltach ag dátheangachas ar fhorbairt teanga.

Treoirínite cliniciúla teiripe urlabhartha & teanga

Bilingual children should be supported in all languages and should never be advised to give up the home language

- ▶ (RCSLT, 2006, IASLT 2007)



Seirbhís teirpe urlabhra agus teanga dhátheagach – An measúnú

- ▶ Bailigh eolas faoi na teangacha a labhairtear sa bhaile. Tá sé tabhachtach fios a bheith agat cé mhéid a chloiseann agus a úsáideann an leanbh na teangacha go laethúil.
- ▶ Cheart measúnú a dhéanamh ar an dá theanga atá in úsáid agus comparáid a dheanamh leis na garspriocanna.
- ▶ Bíonn cosúlacht idir phroifíl teanga leanaí le SLI agus leanaí ag foghlaim an dara theanga go haráithe leanaí ag 3-4 bliain mar níl an oilteacht teanga bainte amach acu go fóill sa L2 (Pardis, 2005). Tá sé tabhachtach eolas a bhailiú faoi an mhéid taithí atá ag na leanaí sa dá theanga chun idirdhealú a dhéanamh idir SLI agus tréithe normálta datheangachas.
- ▶ Ag oibriú le múinteoirí: Cumas an linibh o thaobh Gaeilge a labhairt go sóisialta agus a usáid chun foghlaim sa seomra ranga. Is féidir sproicanna teanga a fhorbairt le cabhair ós na múinteoirí.

Cur chúige dhátheagach agus na buntáistí

- ▶ Tuismitheoirí ag glacadh páirt lárnach sa teiripe (ag úsáid pé teanga atá acu).
- ▶ Cuthaitheach: Chun suim a mhuscail
- ▶ Cheart do thuismitheoirí claoí leis an dteanga(cha) is flúirse atá acu agus go mór mhór leanúint le teanga an bhaile. Cheart iarracht a dhéanamh gan teangacha a mheascadh.
- ▶ Is féidir le thuismitheoirí comhairle a fháil ón SLT faoin t-slí is fearr an obair bhaile a dhéanamh agus eolas a fháil faoi thacaíocht teanga atá ar fáil sa duthaigh.
- ▶ Cabhraíonn cur chuige dátheangach le forbairt an chéad teanga (L1) agus ar an dara teanga (L2).
- ▶ Tá nasc laidir idir scileanna léitheoireachta sa chéad agus sa dara theanga. Dá fheabhas an scil léitheoireachta sa chéad teanga is fearr a bheidh an cumas léitheoireachta sa dhara theanga.

Cur chúige dhátheagach agus na buntáistí

- ▶ Caomhnú an teanga a labhairtear sa bhaile agus caomhnú an chultúr. Má thugtar teiripe Béarla iomlán do leanbh le Gaeilge mar a phríomh theanga is féidir go dtarlódh cailleantas teanga sa Ghaeilge.
- ▶ Nuair a dheirtear le leanaí teanga áraithe a labhairt agus stop a chur leis an L1 tá an leanbh ar mhíchumas mar nííl an deis aige/aici eolas atá foghlaimtha aici sa L1 a úsáid chun L2 a fhoghlaim sa seomra ranga (McKibben, 2007)
- ▶ Roinneann teangacha proséisí cognaíoch agus idirghníomhann teangacha I gcóir cuiseanna deifriula agus de bharr seo ní foghlaimítear teangacha neamhspleach ar a chéile (Clellen Gutierrez, 1999) Neumann & Goldstein, 2015) Is féidir le scileanna áraithe teangan agus fuaimeanna traschúir go teanga eile má oibríonn tú orthu I dteanga amháin msh – fuaim /s/ comónta sa Ghaeilge agus sa Bhearla
- ▶ Nííl aon fhianaise ar fáil a dheireann go meascann cur chuige datheangach cumas foghlama leanaí le míchumais.

Dúshláin

- Easpa garspriocanna agus eolas ar conas mar a fhorbraíonn scileanna teangan leanaí le Gaeilge agus Béarla.
- Beagán achmainní Gaeilge ar fáil agus de bharr seo tá seans nách mbeadh an caighdeán teiripe chomh héifeachtach.
- Deacar dul chun cinn a thomhas de bharr easpa uirlísí measúnaithe.
- Ceal ama ag teiripeóirí achmainní a fhorbairt.
- Meon aigne a bhíonn ag daoine faoi teiripe dátheangach agus cumas leanaí le míchumais dhá theanga a fhoghlaim.
- Beagán teiripeóirí ag oibriú trí mhéan na Gaeilge.

Chun dul I ngleic leis na dúshláin

- Miniú a thabhairt do thuismitheoirí faoi na buntáistí bainteach le teiripe dhá theangach.
- Ag usáid cuid de na hábhair Béarla chun measúnú a dhéanamh ar scileanna áirithe sa Ghaeilge.
- Oibriú leis na múinteoirí sa cheantar chun dul chun cinn an linbh a mheas thar ama.
- Ag usáid táibléad (tablet) le hábhair Gaeilge chun an teiripe a choiméad suimiúil agus tarraingteach.
- Ag oibriú leis na teiripeoirí agus iad san a bhfuil suim acu sa Ghaeilge chun na dúshláin a mheas agus acmhainní a fhorbairt.
- Ag oibriú leis na scoileanna chun acmhainní oiriúnacha a úsáid.
- Ag oibriú leis an seiceolaí oideachais agus múinteoirí chun plean oiriúnach a chur le chéile chun tacú le L1 agus L2 sa chóras oideachais.

Sampla 1: Buachail 4;6

- ▶ Childhood apraxia of speech, limb apraxia, sensory processing disorder
- ▶ Moderate expressive language delay, mild receptive language difficulties and moderate motor speech disorder
- ▶ Non verbal IQ – average range
- ▶ Labhairtear Gaeilge mar phríomh theanga sa bhaile agus labhrann a mháthair críona agus curamóir leanaí Gaeilge go laethúil.
- ▶ Sa naíonra ar feadh 2 bhliain
- ▶ Teirpe sa Ghaeilge L1 I gcóir dhá bhliain chun an chéad teanga a fhorbairt agus anois ag tosnú teiripe dhá theangach
- ▶ Ag cód malartú in abairtí le deanaí.

Teiripe dhá theangach

- ▶ Teiripe trí lá sa tseachtain 30 noimead I gcóir ceithre seachtaine.
- ▶ Fuaimeanna /c/ agus /s/ blends
- ▶ Abairtí le aidiochtaí, abairtí le reamhfhocail, abairtí ag úsáid “níl” agus “tá”
- ▶ Ag oibríú ar litreacha a aithint ag úsáid acmhainní ón scoil.
- ▶ Traschur: Ag úsáid /sp/ I nGaeilge agus Bearla anois.
- ▶ Ag tosnú sa bhunscoil I Mean Fomhair – ní theastaíonn óna thuismitheoirí é a chur go aonad teanga.
- ▶ Uaireanta chloig le haghaidh cabhar breise sa bhunscoil
- ▶ Ní thosnóidh sé Béarla ar scoil go dtí rang a haon ach beidh an teiripe teanga dhá theangach.

Sampla 2: Buachail 15;0

- ▶ Athtreorú go teiripe urlabhra agus teanga ag 15 bliain de bharr deacrachtaí le leamhthuiscint agus próiseál teanga.
- ▶ D'fhreastal sé ar SLT nuair a bhí sé níos óige de bharr deacrachtaí le fuaimeanna.
- ▶ Labhair a mháthair Béarla agus a athair meascán do Bhéarla agus Gaeilge sa bhaile.
- ▶ Dyslexia sa chlann agus fadhbanna urlabhraíochta agus teangan
- ▶ Díolúin (exemption) ó scrúdú Spáinise ach lean sé ar aghaidh leis an Ghaeilge.
- ▶ Ag éisteacht agus ag úsáid Gaeilge go laethiúil lasmuigh den scoil de bharr suim mór sa cheol, scealaíocht agus rí-formhór dóibh seo á múineadh trí Ghaeilge.

D'oibríomar ar feadh dhá bhliain as Gaeilge agus Béarla ar:

- ▶ Stor Focal, leamhthuiscint agus leibhéal tátalach tuisceana (inferential comprehension) agus scileanna próiseála éisteachta (auditory processing skills).

Sé an aidhm a bhí aige l gconáí ná bheith in mhúinteóir bunscoile agus bhain sé amach é seo.

Chabhraigh an taithí sa Gaeilge, suim sa teanga agus tacaíocht sa bhaile leis an mbuachail seo oilteacht maith a bhaint amach sa Ghaeilge agus Béarla cé go raibh deacrachtaí teanga aige.

References

- ▶ Hickey, T. (1997). Early immersion education in Ireland: Na Naionraí. *Institiúid Teangeolaíochta Éireann/Linguistics Institute of Ireland*
- ▶ Gutierrez-Clellen, V., Simon Cerejido, G., Erickson Leone, A. (2009). Code switching in bilingual children with specific language impairment. *International Journal of Bilingualism*, 13 (1), 91-109.
- ▶ Kohnert, K., Yim, D., Nett, K, Kan, P.F., & Duran, L. (2005). Intervention with linguistically diverse preschool children: focus on developing home languages (s). *Language Speech and Hearing Services in Schools*. 36, 251-263.
- ▶ Neumann, G.C. & Goldstein, B. (2015). Cross linguistic generalization in the treatment of two sequential Spanish/English bilingual children with speech sound disorders. *International Journal of Speech-Language Pathology*, 17(1) 26-40.
- ▶ Paradis, J., Crago, M., Genessee F., & Rice, M. (2003). Bilingual children with specific language impairment: How do they compare with their monolingual peers? *Journal of Speech, Language, and Hearing Research* 46, 1-5.
- ▶ Paradis, J., Genessee, F., and Crago, M. (2011). Dual language development and disorders: A handbook on bilingualism and second language learning. *Baltimore, MD: Paul H. Brookes Publishing Co.*
- ▶ Peteren, J., Marinova-Todd, S.H, & Miranda, P. (2011). An exploratory study of lexical skills in bilingual children with Autism Spectrum Disorder. *Journal of Autism and Developmental Disorders*. DOI: 10.1007/s10803-011-1366-y.

Deireadh

Go raibh maith agaibh as éisteach

